



Cumann Peile Naomh Anna

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Seo an tréa eagrán den nuachtlitir ina ndéanfar cur síos ar ghnóthaí Reatha sa gcumann chomh maith le scéalta suimiúla a bhaineann leis an gclub. Tá súil againn an nuachtlitir seo a fhoilsiú go rialta agus é a chur ar fáil daoibhse, pobal an Chumainn Peile. Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, bígí i dteagmháil linn ag nuachtlitir@naomhanna.ie

Nuachtlitir: Eagrán 3

Meithimh 2021

Jack Chambers ar Pháirc an Mháimín

Thug an tAire Stáit i Roinn na Gaeltachta Jack Chambers agus feidhmeannaigh óna Roinn cuairt ar Pháirc an Mháimín ar an Aoine an 14 Bealtaine áit ar chuir Oifigigh ó Chumann Peile Naomh Anna fáilte chroíúil rompu. Ba é seo a chéad chuairt ag an Aire Stáit ar an Máimín. Bhí an tAire Stáit agus feidhmeannaigh na Roinne an-tógtha leis an bhforbairt nua a déanadh ar an Máimín, le cabhair deontais óna Roinn, an seastán nua le spás do 186 duine, athchóiriú ar na seomraí feistis agus an carrchlós.

Freisin thug an tAire Stáit cuairt ar Spórtlann Mhichael Mhóir agus mhol sé an Cumann as na háiseanna atá á gcur ar fáil acu do phobal Cheantar na nOileán agus Chonamara fré chéile.

Tá an tAire Stáit ag tnúth go mór le bheith ar ais arís ar an Máimín i 2022 nuair a bheidh an Cumann

ag reáchtáil Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta.

Bhronn Pádraic Ó Conghaile, Leas-Chathaoirleach cóip de leabhar staire Chumann Peile Naomh Anna 1964 - 2014 ar an Aire Stáit Jack Chambers.

Más mian leat suíochán a cheannach agus pé ainm ar mhaith leat a chur air is féidir leat sin a dhéanamh ag an nasc thíos: https://member.clubforce.com/memberships_cart_m.asp?LL_ID=2194&CLB=1&fbclid=IwAR3O6yDdrQ1ip9N-8ReZ88MYgd6J2nTCsep3U0qY3xc7yXxPebq_rmwgPEg

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine a cheannaigh suíochán go dtí seo.



Buíochas leis an bpobal: Crannchur Náisiúnta na gClubanna

Buaiteoirí sa tarraingt áitiúil:

1. Dearbháin €100 - Tigh Nioclás Ó Conchubhair - Mary & Ciarán Ó Flatharta
2. Dearbháin €100 - Tigh Mhic Dhonnchacha(Costcutters) - Martin Mc Donagh, Doire Fhearta
3. Dearbhán €100 - Tigh Ruaidhrí Ó Conchubhair - Joanne Conroy, Seanachomheas
4. Dearbhán €100 - Spórtlann Naomh Anna - Nellie Feeney, Leitir Caladh
5. Dearbhán €50 - Spórtlann Naomh Anna - Kate Ní Mhainín, An Trá Bháin
6. Dearbhán €50 - Top Oil - Pauline Mc Donagh, An Tuairín
7. Dearbháin(4) - Táillí Imeatha Gailf Chumann Uachtar Aird - Philomena Connolly, Eanach Mheáin
8. Geansaí Peile na Gaillimhe - Coilín Ó Fatharta(Dudley), Maimín
9. Leabhar Staire Chumann Peile Naomh Anna - Oisín Mac Donnacha, Eanach Mheáin
10. Leabhar Staire Chumann Peile Naomh Anna - Sarah Lynch, Béal an Daingin
11. Leabhar Staire Chumann Peile Naomh Anna - Eilís Ní Loingsigh, Béal an Daingin

Tá muid fíor bhuíoch do chuile chomhlacht áitiúil a chuir duais ar fáil dúinn, chomh maith leis sin ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh le chuile dhuine amháin agaibh a cheannaigh nó a dhíol ticéad le cúpla mí anuas. Ár mbuíochas go háirithe leis na siopaí áitiúla, Tigh Ruaidhrí Ó Conchubhair, Tigh Mhic Dhonnchacha agus Tigh Nioclás Ó Conchubhair a thug cead na ticéid a dhíol ina gcuid siopaí.

Ádh mór le gach duine a cheannaigh ticéad i gCrannchur Náisiúnta na gClubanna, beidh an tarraingt ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an 4 Meitheamh.



Ár mbaill ag caint – Gráinne McElwain, Cathaoirleach ar Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG



Is as an Bhoth i gCo. Mhuineacháin ó dhúchas mé ach tá cónaí orm anois i mBéal an Daingin le cúig bliana agus tá triúr páiste agam ag imirt fé aois le Naomh Anna Leitir Móir. Is craoltóir spóirt mé agus tá an t-ádh orm go bhfuil mé ag obair ar chluichí spóirt, go háirithe cluichí an CLG. Tá taithí 15 bliana agam ag obair i ngnó na teilifíse agus deiseanna láithreoireachta faighte agam le cláracha ar TG4, RTÉ, BBC, Eir Sport agus Sky Sports. Faoi láthair, is mé a chuireann an chraobh CLG i láthair ar Sky Sports.

Ag leibhéal an chlub de, chaith mé píosa leis an Bhoth ag plé le riarachán, Scór, an Ghaeilge agus is mé an tOifigeach Gaeilge ar Choiste Naomh Anna Leitir Móir anois. Le déanaí, cheap Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Labhrás Mac Cárthaigh mé mar Chathaoirleach ar Choiste Náisiúnta na Gaeilge don tréimhse 2021-2024. Is mór an onóir agus pribhléid é agus táim ag súil oibriú leis an choiste chun polasaithe agus tograí Gaeilge a leagan amach agus a chur i gcrích don chumann as seo go ceann trí bliana.

Go stairiúil, tá an-cheangal idir an Ghaeilge agus an CLG ó bunaíodh é agus an dúshlán atá romhainn ná an Ghaeilge a chur chun cinn agus a láidriú ag achan léibhéal agus ceangal níos láidre a dhéanamh le pobal na Gaeilge sa bhaile agus thar lear. Tuigeann an chuid is mó de na daoine atá sa Ghaeltacht agus Gaeilgóirí taobh amuigh de, an luach a bhaineann leis an teanga. B'aoibhinn liom é dá mbeadh an Ghaeilge le cluinstitín agus le feiceáil níos minicí in achan chlub, in achan chontae, ag cruinnithe agus in óráidí, sna meáin chraolta náisiúnta agus go mbeadh muid in ann daoine a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid.

Breathnaím ar an ról ar nós geansaí do chlub a chaitheamh. Déanann tú do dhícheall nuair atá an geansaí sin ort agus nuair a bhíonn sé in am é a thabhairt do dhuine eile bíonn tú ag súil go mbeidh roinnt mhaith bainte amach agat.

Ruarc Ó Confhaola – Ambasadóir Gaeltachta do Chruinniú na nÓg

Comhghairdeas mór le Ruarc Ó Confhaola as Casla atá ainmnithe mar Ambasadóir na Gaeltachta do Chruinniú na nÓg a bheas ar siúl ar an 12ú Meitheamh. Tá an-suim aige san aisteoireacht, ealaíon, ag cruthú rudaí agus ní stráinséir é ar an teilifís ar Cúla4 ar TG4. Níl Ruarc ach 7 mbliana d'aois agus is duine de na réaltaí é atá againn ar fhoireann fé 8. Maith thú a Ruairc agus tá muid an-bhródúil asat.





Spórtlann Naomh Anna



CLÁR AMA RANGANNA ACLAÍOCHTA MEITHEAMH

Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadain	Déardaoin	Dé hAoine	Dé	Dé
					Sathairn	Domhnaigh
BLT 9.30-10.30 (RECORDED)		CARDIO ATTACK (RECORDED) 9.30-10.00	LUNCHTIME SPIN (RECORDED) 1.00-1.30		9.00- 9.30	SPRINT SPIN
POWER HALF HOUR 10.35-11.05 (RECORDED)		PILATES 10.00-10.30 (RECORDED)	LUNCHTIME ABS (RECORDED) 1.35-2.05		9.35- 10.35	PILATES STEP & REP
			LUNCHTIME BOX-HIT (RECORDED) 2.10-2.40		10.40- 11.10	CRIT STRENGTH 10.40-11.25
BODYPUMP 6.30-7.15	CRIT STRENGTH 6.30-7.00	STEP & REP 6.30-7.30	CRIT CARDIO 6.30-7.00	BODYPUMP 6.30-7.15	11.15- 12.00	BODY- COMBAT SUNDAY STRETCH 11.30-12.00
SPIN 7.20-7.50	SPRINT 7.05-7.35	SPIN 7.35-8.05	SPRINT 7.05-7.35			
KETTLE- BELLS 7.55-8.25	SPRINT 7.40-8.10		SPRINT 7.40-8.10	SPIN 7.20-7.50		
POUND 8.30-9.00	BODY- COMBAT 8.15-9.00	POUND 8.10-8.55	BODY- COMBAT 8.15-9.00			



Ranganna le bhagairt mí
meitheamh.

Ní bheidh abs ar siúl don mhí
Meitheamh de bharr gur bh tacaibh
amhuigh amháin is féidir lena a
bheith seachas anois is arís. Beidh
dhá rang Les Mills Sprint le Tina.
Beidh ABS le fáil pre-recorded ar an
suíomh idirlíne.

Prebook all your classes at
www.sportlannbooking.com



32 RANG SA
TSEACHTAIN

RANGANNA AMHUIGH FAOIN AER

ONE TO ONE PERSONAL TRAINING
SESSIONS AVAILABLE 7 DAYS A WEEK

PRE-BOOK ALL CLASSES AT

www.sportlannbooking.com

RANGANNA

- * LES MILLS GRIT SERIES
- * STEP & REP
- * LES MILLS BODYCOMBAT
- * LES MILLS BODYPUMP
- * POUND
- * LES MILLS SPRINT
- * SPIN
- * KETTLEBELLS
- * PILATES

TUILLÉADH EOLAS

091 551961
0874265314

SPÓRTLANN NAOMH ANNA
SPORTLANNBOOKING@GMAIL.COM

Athoscailt Spórtlann Naomh Anna

Dé Luain 7ú Meitheamh

Oscloimid ár ndoirse arís Dé Luain 7ú Meitheamh.

Traenáil i do aonar amháin sa giom.

Fanfaidh ár ranganna aclaíochta amuigh faoi aer & ar
Zoom i lathair na huairé.
Eolas ar fad ag sportlannbooking@gmail.com nó ag
091551673.

Táimid ag tnúth go mór libh & gabhaimid buíochas libh go
léir as a gcuid foighne agus tacaíochta ag an am seo

Réamh-áirithint amháin don giom. Beidh
na seisiúin ar fáil
Dé Luain 31ú ón 5i.n ag
WWW.SPORTLANNBOOKING.COM



Caoimhe Ní Thuathail – Scolaíre na Bliana SCC



Ainmníodh Caoimhe Ní Thuathail imreoir sinsir na mban mar Scolaíre na Bliana i Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an 18 Bealtaine 2021. Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh le Caoimhe agus a muintir ar fad tá muid fíor bhródúil aisti!

Ádh Mór le Peileadóirí Naomh Anna, Leitir Móir

Gach rath ar Sheán Andy Ó Ceallaigh, Maitias Eoin Bairéad, Sarah Ní Loingsigh, Máiréad Ní Loingsigh agus Ríona Ní Fhlatharta agus iad ag cur geansaí na Gaillimhe orthu. Agus Clíodhna Ní Cheallaigh a mbeidh geansaí Luimnigh á chaitheamh aici. Tá súil againn uilig go mbeidh samhradh fada acu agus go n-éireoidh go geal leo.



Glacadh Seilbhe Instagram

D'éirigh go hiontach leis an dara glacadh seilbhe a déanadh ar chuntas Instagram an chumainn (naomhanna_lm). Tá súil againn gur bhain sibh taithnimh as agus buíochas mór le deirfiúracha Ní Loingsigh as Béal an Daingin a rinne sárobair. Má cháil sibh amach ar is féidir é a fháil in sna 'highlights' ar chuntas Instagram an chumainn.



An bhfuil eolas agat ar do chlub?

1. Cén bhlian ar bunaíodh Cumann Peile Naomh Anna?
2. Cé é/í Uachtarán an Chumainn inniu?
3. Céard iad na chéad dathanna a bhí ag an gCumann?
4. Cén t-ainm a bhí ar an bhfoireann a raibh baill ón gCeathrú Rua agus Naomh Anna páirteach ann?
5. Cén bhlian ar bhuaigh foireann na bhfear an craobh idirmhéanach den chéad uair?
6. Cén bhlian ar bunaíodh foireann na mban sa gcumann ?
7. Cén bhlian ar bhuaigh foireann na mBan an craobh sinsir den chéad uair? Cén fhoireann a bhí ina gcoinne?
8. Cé méid uair a bhfuil Comórtas an Chailín Ghaelaigh bainte ag mná an chumainn ?

*Beidh na freagraí le fáil in san chéad eagrán eile nó tá siad i Leabhar Staire an Chumainn *


Lean muid ar na meáin shóisialta nó bíonn go leor eolas ar fáil ar an suíomh www.naomhanna.ie

Tá muid ar:



Leabhar Staire an Chumainn le fáil ar €30, ar Chló lar-Chonnacht ag an nasc thíos.

<https://www.cic.ie/books/publish-ed-books/stair-chumann-naomh-anna-1964-2014>



Scéalta Suimiúla an Chumainn

Má ritheann aon smaointe, nuacht faoin gclub nó sean scéalta ar mhaith libh a inseacht nó a fheiceáil in san nuachtlitir seo, bígí i dteagmháil linn. nuachtlitir@naomhanna.ie

Nó má tá aon phictúir agaibh de shaol na peile a tógadh le gairid nó siar sna blianta, ba bhreá linn iad a fheiceáil!